



Ciorclán 0041/2017

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Iarbhunscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

An Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta – Scar-Rogha agus Glac-Rogha

Comhaontú Bhóthar Lansdún

Brollach

1. Tá se mar chuspóir leis an gCiorclán seo Údaráis Bhainistíochta, Boird Oideachais agus Oiliúna, Príomhoidí agus Múinteoirí a chur ar an eolas maidir leis na leasuithe ar an Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta a mbeidh éifeacht leo ón 1 Meán Fómhair 2017, de bharr an chomhaontaithe a rinneadh idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Aontas Múinteoirí Éireann (AMÉ) mí na Samhna 2016 i gcomhthéacs Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún).
2. Mar a shonraítear i [gCiorclán 0006/2014](#), le héifeacht ó thús scoilbhliain 2013/14, ceanglófar ar gach múinteoir a bheith rannpháirteach sa Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta, seachas iad siúd a bhain leas as an socrú scar-rogha faoin gCiorclán sin.
3. Faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus comhaontú na Roinne Oideachais agus Aontas Múinteoirí Éireann, Samhain 2016, tá scar-rogha bhreise leis an scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta á cur ar fáil do mhúinteoirí a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa Chiorclán seo agus a chlúdaítear faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún – féach Cuid A den Chiorclán seo.
4. De bhreis air sin, faoi théarmaí na gcomhaontaithe, i gcás múinteoirí a roghnaigh roimhe seo scaradh le rannpháirtíocht éigeantach sa scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta faoi [Chiorclán 0006/2014](#) agus a chlúdaítear faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún, beidh sé de rogha acu a bheith sa scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta arís – féach Cuid B den Chiorclán seo.
5. D'fhonn an éiginnteacht a sheachaint, i gcás gur scar múinteoir ó dhualgais M&I le héifeacht ó 1 Eanáir 2014 faoi [Chiorclán 0006/2014](#), fanann an scar-rogha sin i bhfeidhm ach amháin má roghnaíonn an múinteoir sin glacadh arís leis an scéim M&I faoi théarmaí an Chiorcláin seo.
6. Ba cheart an Ciorclán seo a léamh in éineacht le [Ciorclán 0045/2016](#), ina leagtar amach cur chun feidhme Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2018

(Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún) do mhúinteoirí dara leibhéal.

7. Mar a leagtar amach i gCiorclán 0045/2016, baineann an Comhaontú le múinteoirí atá fostaithe i scoileanna agus ionaid de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna (seachas Coláistí Pobail Ainmnithe). Baineann an Comhaontú freisin le múinteoirí ar comhaltaí iad de AMÉ a fhostaítear i gColáistí Pobail Ainmnithe, Meánscoileanna Deonacha agus Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha a d'ainmnigh iad féin amhlaidh tríd an bhfoirm in larscríbhinn 1 de [Chiorclán 0045/2016](#), a chur faoi bhráid a bhfostóirí.

Ciorclaíocht agus Fiosruithe

8. Cinntigh le do thoil go soláthraítear cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/ den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird gach múinteora mar a bhfuil tú fostaithe ar an gCiorclán, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cead neamláithreachta acu.
9. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo trí shuíomh gréasáin na Roinne, faoi <http://www.education.ie>
10. Ba cheart aon fhiosrú a chur in iúl ar an gcéad ásc do bhainistíocht na scoile, ar mhian leo dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíochta bhainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna. Is féidir aon fhiosrú breise a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: Lraqueries@education.gov.ie

Padraig Maloney
An Rannóg Párolla
17 Bealtaine 2017

CUID A – SCAR-ROGHA LEIS AN SCÉIM MAOIRSEACHTA AGUS IONADAÍOCHTA

11. Féadfaidh duine atá fostaithe mar mhúinteoir i bpost Oireachtas-mhaoinithe le linn scoilbhliain 2016/17, atá clúdaithe ag Comhaontú Bhóthar Lansdún agus a bhfuil ar a laghad 15 bliana de sheirbhís mhúinteoireachta i bpoist Oireachtas-mhaoinithe aige nó aici ag tosach na scoilbhliana 2017/18, a roghnú scaradh leis an gceanglas dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a chomhlíonadh. D'fhonn an ceanglas 15 bliana seirbhíse múinteoireachta a chomhlíonadh, ní mór don duine, ar a laghad:
 - (i) tosú de bheith fostaithe mar mhúinteoir i bpost Oireachtas-mhaoinithe ag tosach na scoilbhliana 2002/03 nó roimhe sin; agus
 - (ii) a bheith fostaithe go leanúnach i bpoist Oireachtas-mhaoinithe ó thosach na scoilbhliana 2002/03¹.
12. Beidh feidhm leis an scar-rogha ón 1 Meán Fómhair 2017.
13. I gcás go roghnaíonn múinteoir an socrú seo, ní cheanglófar air/uirthi dualgais M&I a chomhlíonadh agus cuirfear laghdú i bhfeidhm ar a thuarastal/a tuarastal ón 1 Meán Fómhair 2017 ar bhonn leanúnach go dtí go scoirfidh an duine sin. €1,769 a bheidh sa laghdú seo amhail ag 1 Meán Fómhair 2017 agus athróidh sé dá éis sin de réir athruithe ar thuarastail múinteoirí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh sé d'éifeacht leis an socrú seo a roghnú, mar sin, go laghdófar cnapshuim scoir agus pinsean an mhúinteora tar éis dó/di dul ar scor (ach amháin sa chás go scoireann múinteoir ar nó roimh 1 Aibreán 2019 mar a leagtar amach i mír 17 thíos).
14. I gcás go roghnaíonn múinteoir an socrú scar-rogha seo agus go bhfuil luach saothair bliantúil €65,000 nó níos mó aige nó aici (lena n-áirítear liúntais i bhfoirm íocaíochta) agus gur laghdaíodh a phá nó a pá, leanfaidh na bearta maolaithe íslithe pá atá i gComhaontú Bhóthar Haddington d'fheidhm a bheith acu (féach Ciorclán [0005/2014](#)). Beidh feidhm freisin áfach ag an laghdú ar thuarastal a leagtar amach i mír 13 thuas, fiú i gcásanna go laghdaíonn laghdú den chineál sin a thuarastal/a tuarastal faoi bhun €65,000.
15. Tá an scar-rogha do-chúlghairthe agus, tar éis do mhúinteoir roghnú amhlaidh, ní féidir le múinteoir an ceanglas a roghnú arís, dualgais M&I a chomhlíonadh. Má ghlac múinteoir gealltanais ar láimh roimhe seo tabhairt faoi M&I ar bhonn inphinsin agus go roghnaíonn an múinteoir sin anois scaradh le dualgais M&I a chomhlíonadh faoin gCiorclán seo, caillfidh an múinteoir sin inphinseanacht i leith aon M&I ar tugadh fúthu roimhe seo (ach amháin má théann múinteoir ar scor ar nó roimh 1 Aibreán 2019 mar a leagtar amach i mír 17 thíos). Thairis sin, ní bheidh an múinteoir i dteideal go n-aisíocfaí na ranníocaíochtaí pinsin a íocadh ar airgead a fuarthas mar íocaíocht ar M&I do thréimhse an ghealltanais.
16. Nuair a aisghabhtar na laghduithe tuarastail do lucht ardioncaim agus nuair a chuirtear an dara cuid M&I de €796 san áireamh sa Bhunscála Comónta (féach Ciorclán [0005/2014](#)), cuirfear na bearta seo i bhfeidhm freisin ar mhúinteoir a roghnaigh scaradh le dualgais M&I. Leanfaidh an laghdú ar thuarastal a leagtar amach i mír 13 thuas d'fheidhm a bheith aige maidir lena thuarastal nó lena tuarastal ar bhonn leanúnach go

¹ Chun na críche seo, ba cheart tréimhsí saoire gan phá a shonrú mar sheirbhís leanúnach nach mbriseann an leanúnachas seirbhíse

dtí aois scoir, áfach, agus dá bhrí sin laghdófar an chnapshuim scoir agus an pinsean tar éis dó/di dul ar scor (ach amháin sa chás go scoireann múinteoir ar nó roimh 1 Aibreán 2019 mar a leagtar amach i mír 17 thíos).

17. Tabharfar neamhaird ar an laghdú tuarastail a leagtar amach i mír 13 thuas chun críche aoisliúntais i gcás, maidir le múinteoir ag dul ar scor ar nó roimh 1 Aibreán 2019, go ríomhfar a shochair aoisliúntais nó a sochair aoisliúntais de réir na scálaí pá agus na liúntas inphinsin a mbeidh feidhm leo maidir leis nó léi ar 30 Meitheamh 2013.
18. Ní mór do mhúinteoir incháilithe ar mian leis nó léi an scar-rogha a fheidhmiú an fhoirm ag larscribhinn 1 a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Phríomhoide a scoile/ Cheannasaí a lonaid nó a hlonaid ar an gcéad ásc. **Dé hAoine 26 Bealtaine 2017** an sprioc-am chun foirmeacha a chur isteach. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Beidh iarratais a gheobhaidh an Príomhoide/an Ceannasaí lonaid tar éis an spriocdháta a shonraítear sa Chiorclán seo neamhbhailí agus ní ghníomhófar ina leith. Tá an múinteoir ar leith freagrach as a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas comhlánaithe ar ais chuig an bPríomhoide/ chuig an gCeannasaí lonaid faoi dháta na sprice. Ní féidir leis an Roinn/leis an mBord Oideachais agus Oiliúna aon fhreagracht a ghlacadh as foirm a bheith curtha ar ais níos déanaí ná sin ag múinteoir.
19. Ba cheart do Phríomhoidí scoileanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna/Ceannasaithe lonaid na foirmeacha a chur faoi bhráid rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar an bpost a luaithe agus is féidir agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná **Dé hAoine 2 Meitheamh 2017**. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.
20. Ba cheart do Phríomhoidí Iarbhunscoileanna Deonacha agus Phobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha na foirmeacha a chur ar an bpost faoi bhráid:

Foirmeacha Scar-Rogha na Scéime M&I,
Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

a luaithe is féidir agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná **Dé hAoine 2 Meitheamh 2017**. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.

21. I gcás go roghnaíonn múinteoir scaradh le dualgais M&I, leithroinnfear méid coibhéiseach leis an liúntas maoirseachta agus ionadaíochta ar scoil/BOO an mhúinteora le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017 **ar mhaithe le soláthar dualgais M&I de réir na socruithe réamh-1 Iúil 2013 agus ar mhaithe leis sin amháin**. Ní féidir an leithroinnt seo a úsáid chun múinteoirí lánaimseartha nó múinteoirí a roghnaigh scaradh le dualgais M&I chun M&I a dhéanamh ar bhonn ócáideach/ ar bhonn neamh-inphinsin a íoc.

CUID B – GLAC-ROGHA MHAOIRSEACHTA AGUS IONADAÍOCHTA

22. Faoi [Chiorclán 0006/2014](#), ceadaíodh do mhúinteoirí áirithe rogha a dhéanamh scaradh leis an gceanglas éigeantach dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a chomhlíonadh le héifeacht ó thús scoilbhliain 2013/14.
23. Tá deis aonuaire anois ag múinteoirí a bhain leas as an scar-rogha sin, rogha a dhéanamh an scéim M&I a ghlacadh arís ar bhonn inphinsin.
24. Is do na múinteoirí seo a leanas amháin a bheidh an ghlac-rogha ar fáil:
 - (i) múinteoirí a bhí i seirbhís i scoilbhliain 2012/13 agus atá i seirbhís fós i scoilbhliain 2016/17; agus
 - (ii) múinteoirí nach raibh M&I ar siúl ar bhonn inphinsin acu an uair sin i scoilbhliain 2012/13; agus
 - (iii) múinteoirí a shínigh rogha scar-rogha go foirmeálta faoi [Chiorclán 0006/2014](#) lenar roghnaigh siad scaradh le dualgais M&I le héifeacht ó 1 Eanáir 2014;ar choinníoll go bhfuil na múinteoirí sin ábalta dualgais M&I a dhéanamh anois go ceann 10 mbliana ar a laghad sula dtéann siad ar scor.
25. Beidh éifeacht leis an nglac-rogha ón 1 Meán Fómhair 2017.
26. Ceanglófar ar mhúinteoir a roghnóidh a bheith páirteach sa scéim arís dualgais M&I a chomhlíonadh agus déanfar an laghdú tuarastail a bhain leis an scar-rogha a aisghabháil i dtaca lena thuarastal/ lena tuarastal le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017.
27. Tá ranníocaíochtaí pinsin infíochta ar an tuarastal iomlán a aisghabhálfar. Is ar bhonn inphinsin a bheidh an ghlac-rogha sa chás amháin go gcomhlíonann an múinteoir dualgais M&I go ceann 10 mbliana ar a laghad roimh scor agus is ar bhonn neamh-inphinsin a bheidh sí i gcás nach gcomhlíonann an múinteoir an ceanglas seirbhíse 10 mbliana seo. Sa chás, ag am scoir, nach sásófar an ceanglas chun dualgais M&I a chomhlíonadh go ceann 10 mbliana, déanfar ríomh an tuarastail do shochair aoisliúntais a choigeartú chun an méid cuí a eisiáimh i leith M&I (€1,796 nó €1592). De bhreis air sin, ní aisíocfar ranníocaíochtaí pinsin a íocadh i leith na tréimhse nuair a rinneadh an M&I.
28. Tá an ghlac-rogha do-chúlghairthe agus, tar éis do mhúinteoir roghnú amhlaidh, ní féidir le múinteoir an ceanglas gan dualgais M&I a chomhlíonadh a roghnú arís.

29. Ní mór do mhúinteoir incháilithe ar mian leis nó léi an ghlac-rogha a fheidhmiú an fhoirm ag larscríbhinn 2 a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Phroimhoide a scoile/Cheannasaí a lonaid nó a hlonaid ar an gcéad ásc. **Dé hAoine 26 Bealtaine 2017** an sprioc-am chun foirmeacha a chur isteach. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Beidh iarratais a gheobhaidh an Príomhoide/an Ceannasaí lonaid tar éis an spriocdháta a shonraítear sa Chiorclán seo neamhbhailí agus ní ghníomhófar ina leith. Tá an múinteoir ar leith freagrach as a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas comhlánaithe ar ais chuig an bPríomhoide/ chuig an gCeannasaí lonaid faoi dháta na sprice. Ní féidir leis an Roinn/leis an mBord Oideachais agus Oiliúna aon fhreagracht a ghlacadh as foirm a bheith curtha ar ais níos déanaí ná sin ag múinteoir.
30. Ba cheart do Phríomhoidí scoileanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna/Ceannasaithe lonaid na foirmeacha a chur faoi bhráid rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar an bpost a luaithé agus is féidir agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná **Dé hAoine 2 Meitheamh 2017**. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.
31. Ba cheart do Phríomhoidí Iarbhunscoileanna Deonacha agus Phobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha na foirmeacha a chur ar an bpost faoi bhráid:

Foirmeacha Glac-Rogha na Scéime M&I,
Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

a luaithé is féidir agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná **Dé hAoine 2 Meitheamh 2017**.
Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.

IARSCRÍBHINN 1

FOIRM SCAR-ROGHA

Ainm:	
Uimhir Phárolla Múinteora (nach uimhir chláraithe na Comhairle Múinteoireachta):	
Ainm Scoile:	
Seoladh Scoile:	
Uimhir Rolla Scoile:	

Deimhním go bhfuil mé/ go raibh mé fostaithe mar mhúinteoir le linn scoilbhliain 2016/17 agus go gclúdaíonn Comhaontú Bhóthar Lansdún mé. Tá téarmaí Chiorclán 0041/2017 ROS léite agam agus tuigim iad. Creidim go bhfuil tréimhse íosta 15 bliana seirbhíse múinteoireachta bhreisíoch agam mar a leagtar amach sa Chiorclán. Is mian liom a roghnú scaradh leis an gceanglas dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a chomhlíonadh le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2017 de réir fhorálacha Chiorclán 0041/2017. Glacaim leis go bhfuil an scar-rogha do-chúlghairthe agus tar éis dom roghnú amhlaidh nach féidir liom an rogha sin a athrú dá éis sin. Deimhním go dtuigim, agus go nglacaim leis, go mbeidh mar thoradh ar mo chinneadh roghnú scaradh le dualgais mhaoirseoireachta agus ionadaíochta, go laghdófar mo thuarastal ar bhonn leanúnach go dtí go dtéim ar scor. Tuigim, agus glacaim leis, go mbeidh mar thoradh iarmhartach ar mo chinneadh, go laghdófar mo chnapshuim scoir agus mo phinsean tar éis dom dul ar scor.

Síniú: _____

Dáta: _____

Scoileanna/ ionaid Bhoird Oideachais agus Oiliúna: Ba cheart do mhúinteoirí atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Phríomhoide na scoile/Cheannasaí an Ionaid. Is é Dé hAoine 26 Bealtaine 2017 an spriocdháta chun foirmeacha a chur faoi bhráid an Phríomhoide/Cheannasaí an Ionaid. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Ba cheart don Phríomhoide/Cheannasaí Ionaid an fhoirm a chur faoi bhráid rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar an bpost a luaithes is féidir ansin agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná Dé hAoine 2 Meitheamh 2017. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.

Iarbhunscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha: Ba cheart do mhúinteoirí atá fostaithe in Iarbhunscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Phríomhoide na scoile. Is é Dé hAoine 26 Bealtaine 2017 an spriocdháta chun foirmeacha a chur faoi bhráid an Phríomhoide. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Ba cheart don Phríomhoide an fhoirm a chur ar an bpost ansin chuig: Foirmeacha Scar-Rogha na Scéime M&I, Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí a luaithes is féidir agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná Dé hAoine 2 Meitheamh 2017. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.

Beidh iarratais a gheobhaidh an Príomhoide/an Ceannasaí Ionaid tar éis an spriocdháta a shonraítear thuas neamhbhailí agus ní ghníomhófar ina leith. Tá an múinteoir ar leith freagrach as a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas comhlánaithe ar ais chuig an bPríomhoide/ chuig an gCeannasaí Ionaid faoi dháta na sprice. Ní féidir leis an Roinn/leis an mBord Oideachais agus Oiliúna aon fhreagracht a ghlacadh as foirm a bheith curtha ar ais níos déanaí ná sin ag múinteoir.

FOIRM GHLAC-ROGHA

Ainm:	
Uimhir Phárolla Múinteora (nach uimhir chláraithe na Comhairle Múinteoireachta):	
Ainm Scoile:	
Seoladh Scoile:	
Uimhir Rolla Scoile:	

Tá téarmaí Chiorclán 0041/2017 ROS léite agam agus tuigim iad. Deimhním gur roghnaigh mé scaradh le dualgais M&I faoi Chiorclán 0006/2014, go gclúdaíonn Comhaontú Bhóthar Lansdún mé, agus gur mian liom roghnú a bheith rannpháirteach sa cheanglas dualgais M&I a dhéanamh le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017 de réir fhorálacha Chiorclán 0041/2017. Glacaim leis go bhfuil an ghlac-rogha do-chúlghairthe agus tar éis dom roghnú amhlaidh nach féidir liom scaradh arís dá éis sin leis an rogha dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a chomhlíonadh. Tuigim, agus glacaim leis, go bhfuil ranníocaíochtaí pinsin iníoctha ar an tuarastal a gheobhaidh mé. Tuigim, agus glacaim leis, nach bhfuil an ghlac-rogha ar bhonn inphinsin ach amháin nuair a chomhlíonaim dualgais M&I go ceann 10 mbliana ar a laghad roimh dhul ar scor agus go bhfuil sí ar bhonn neamh-inphinsin sa chás nach gcomhlíonaim an ceanglas seirbhíse 10 mbliana seo.

Síniú: _____

Dáta: _____

Scoileanna/ionaid Bhoird Oideachais agus Oiliúna: Ba cheart do mhúinteoirí atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Phríomhoide na scoile/Cheannasaí an Ionaid. Is é Dé hAoine 26 Bealtaine 2017 an spriocdháta chun foirmeacha a chur faoi bhráid an Phríomhoide/Cheannasaí an Ionaid. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Ba cheart don Phríomhoide/Cheannasaí Ionaid an fhoirm a chur faoi bhráid rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar an bpost a luaithe is féidir ansin agus ar aon tslí tráth nach déanaí ná Dé hAoine 2 Meitheamh 2017. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.

Iarbhunscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha: Ba cheart do mhúinteoirí atá fostaithe in Iarbhunscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Phríomhoide na scoile. Is é Dé hAoine 26 Bealtaine 2017 an spriocdháta chun foirmeacha a chur faoi bhráid an Phríomhoide. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád. Ba cheart don Phríomhoide an fhoirm a chur ar an bpost ansin chuig: Foirmeacha Scar-Rogha na Scéime M&I, Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí a luaithe is féidir agus ar aon tslí tráth

nach déanaí ná Dé hAoine 2 Meitheamh 2017. Ba cheart don scoil cóip den fhoirm chomhlánaithe a choimeád.

Beidh iarratais a gheobhaidh an Príomhoide/an Ceannasaí Ionaid tar éis an spriocdháta a shonraítear thuas neamhbhailí agus ní ghníomhófar ina leith. Tá an múinteoir ar leith freagrach as a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas comhlánaithe ar ais chuig an bPríomhoide/ chuig an gCeannasaí Ionaid faoi dháta na sprice. Ní féidir leis an Roinn/leis an mBord Oideachais agus Oiliúna aon fhreagracht a ghlacadh as foirm a bheith curtha ar ais níos déanaí ná sin ag múinteoir.